C/2026/3565

3.7.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/3565)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Manchuela'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0046-AM05 — 21.4.2026

1. **Ainm an táirge**

'Manchuela'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ard-Stiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agrai-Bhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge ATFC Manchuela; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach: níl athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis; níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

CINEÁL NUA FÍONA A CHUR LE CATAGÓIR 1 ATÁ ANN CHEANA

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Tugadh isteach fíonta geala agus *rosé* aosaithe nó aibithe, lena saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha agus a modhanna táirgthe.

Leasaíodh pointí 2 agus 3 den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

FEABHAS A CHUR AR AN bhFOCLAÍOCHT

Tuairisc

Scriosadh an fhoráil lenar ceanglaíodh ar fhíonlanna a bheith ar Chlár Eagraíochtaí Agraibhia Idirghairmiúla Ainmniúchán Tionscnaimh Manchuela. Bhí an fhoráil le feiceáil sa roinn maidir le críochú limistéar geografach an ATFC.

Baineann an leasú sin le pointe 4 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

CINEÁL NUA A CHUR ISTEACH

Tuairisc

Cuireadh an cineál fíniúna Albillo Dorado (Albilla Dorada) isteach.

Déanann an leasú sin difear do phointe 6 den tsonraíocht táirge agus do phointe 8 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

BAINEADH AN CEANGLAS MAIDIR LE BUIDÉALÚ AG AN ÁIT TIONSCNAMH

Tuairisc

Baineadh an fhoráil lenar ceanglaíodh buidéalú a dhéanamh i bhfíonlanna atá lonnaithe i saoráidí buidéalaithe laistigh den limistéar táirgeachta, mar aon leis an údar leis an srian sin.

Leasaíodh pointe 8 den tsonraíocht agus pointe 11 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

ATHRUITHE AR NA COMHLACHTAÍ TARMLIGTHE

Tuairisc

Baineadh liosta na gcomhlachtaí tarmligthe, cé go bhfuil nasc fós ann chun féachaint air.

Baineann an leasú sin le pointe 9 den tsonraíocht agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Manchuela'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0046-AM05 — 21.4.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Manchuela'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíon geal, fíon geal a choiptear i mbairillí, fíon oráiste agus fíonta *rosé*; fíonta geala agus *rosé* aosaithe nó aibithe. Iad uile tirim.

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta geala: raon dathanna buí gan scáthú go hómra, glé agus geal.

Fíonta geala, a choiptear i mbairillí agus a aosaítear nó a aibítear: Raon dathanna buí agus glé.

Fíon oráiste: idir buí agus oráiste ina imireacha uile. D'fhéadfaidís a bheith moirtiúil mar thoradh ar an bpróiseas táirgthe.

Fíonta *rosé*: an raon iomlán dathanna bándearga, glé agus trédhearcach.

Fíonta *rosé* aosaithe nó aibithe: an raon iomlán dathanna bándearga agus glé.

Dea-bholadh

Fíonta geala: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha nuair a dhéantar iad a chorraí thart sa ghloine, dea-bholaithe príomha.

Fíonta geala a choiptear i mbairillí: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha nuair a dhéantar iad a chorraí thart sa ghloine, dea-bholaithe tánaisteacha (ó choipeadh) agus/nó treasacha (ón am a chaitear sa bhairille).

Fíon oráiste: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha nuair a dhéantar iad a chorraí thart sa ghloine, dea-bholaithe príomha agus/nó dea-bholaithe tánaisteacha (ó choipeadh).

Fíonta *rosé*: dea-bholaithe príomha agus/nó dea-bholaithe ó choipeadh.

Fíonta geala agus *rosé* aosaithe nó aibithe: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha, dea-bholaithe tánaisteacha (ó choipeadh) agus/nó treasacha (ón am a chaitear sa bhairille nó i gcineálacha eile soithí).

Blas

Fíonta geala: cothrom, d'fhéadfadh aigéadacht ghéar agus/nó searbhas a bheith acu, nach bhfuil tanaí ná iomarcach, agus iarbhlas a mheabhraíonn na dea-bholaithe príomha.

Fíonta geala a choiptear i mbairillí: cothrom, d'fhéadfadh aigéadacht ghéar agus/nó searbhas a bheith acu, nach bhfuil tanaí ná iomarcach, dea-bholaithe príomha, dea-bholaithe tánaisteacha (ó choipeadh) agus/nó treasacha (ón am a chaitear sa bhairille).

Fíon oráiste: Cothrom, d'fhéadfadh aigéadacht ghéar agus/nó searbhas a bheith acu, nach bhfuil tanaí ná iomarcach. D'fhéadfadh struchtúr agus tathag meánach a bheith acu mar thoradh ar mhaothú. Iarbhlas a mheabhraíonn na dea-bholaithe príomha.

Fíonta *rosé*: Cothrom, d'fhéadfadh aigéadacht ghéar agus/nó searbhas a bheith acu, nach bhfuil tanaí ná iomarcach.

Fíonta geala agus *rosé* aosaithe nó aibithe: cothrom, d'fhéadfadh aigéadacht agus/nó searbhas áirithe a bheith acu, nach bhfuil iomarcach ná tanaí, dea-bholaithe príomha, dea-bholaithe tánaisteacha (ó choipeadh) agus/nó treasacha ón am a chaitear sa bhairille nó aon chineál eile soithigh ina bhfuil am caite acu.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	10
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon geal, fíon geal a choiptear i mbairillí, fíon oráiste agus fíonta *rosé*, leath-thirim, leath-mhilis agus milis

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta geala: raon dathanna buí gan scáthú go hómra, glé agus geal.

Fíonta geala a choiptear i mbairillí: Raon dathanna buí agus glé.

Fíon oráiste: idir buí agus oráiste ina imireacha uile. D'fhéadfaidís a bheith moirtiúil mar thoradh ar an bpróiseas táirgthe.

Fíonta *rosé*: an raon iomlán dathanna bándearga, glé agus trédhearcach.

Dea-bholadh

Fíonta geala: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha nuair a dhéantar iad a chorraí thart sa ghloine, dea-bholaithe príomha.

Fíonta geala a choiptear i mbairillí: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha nuair a dhéantar iad a chorraí thart sa ghloine, dea-bholaithe tánaisteacha (ó choipeadh) agus/nó treasacha (ón am a chaitear sa bhairille).

Fíon oráiste: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha nuair a dhéantar iad a chorraí thart sa ghloine, dea-bholaithe príomha agus/nó dea-bholaithe tánaisteacha (ó choipeadh).

Fíonta *rosé*: dea-bholaithe príomha agus/nó dea-bholaithe ó choipeadh.

Blas

Cothrom i dtéarmaí neart alcóil, aigéadachta agus méid siúcra iarmharaigh.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	10
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg: óg, coipthe i mbairillí, 'Roble' [darach], maothú carbónach agus fíon dearg. Iad uile tirim.

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta dearga úra: raon dathanna dearga ar a bhfuil imireacha corcairghorma, glé.

Fíonta dearga 'Roble': raon dathanna dearga gan scáthú go himireacha donna nó imireacha ócair ag an imeall, glé; D'fhéadfadh tartráití deasctha agus/nó ábhar dathúcháin a bheith le feiceáil.

Fíonta dearga a choiptear i mbairillí: dath caordhearg le himireacha ar dhath an ghairnéid, glé.

Fíonta dearga a dhéantar trí mhaothú carbónach: dath caordhearg le himireacha corcairghorma, glé.

Fíonta dearga: raon dathanna dearga gan scáthú go horáiste ag an imeall. Glé; d'fhéadfadh tartráití deasctha ar leibhéal íseal agus/nó ábhar dathúcháin a bheith le feiceáil.

Dea-bholadh

Fíonta dearga úra: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha, dea-bholaithe príomha.

Fíonta dearga 'Roble': dea-bholaithe glana, príomha agus/nó cothaitheacha, d'fhéadfadh dea-bholaithe suibhe/torthaí cócaráilte, mionbholaithe adhmadacha agus/nó dea-bholaithe ó choipeadh a bheith orthu.

Fíonta dearga a choiptear i mbairillí: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha, torthaí dearga, dea-bholaithe bláthacha agus bairille.

Fíonta dearga a dhéantar trí mhaothú carbónach: dea-bholaithe glana, de dhéine mheánach/ard, torthaíoch.

Fíonta dearga: dea-bholaithe glana, príomha agus/nó cothaitheacha, d'fhéadfadh dea-bholaithe suibhe/torthaí cócaráilte a bheith orthu. D'fhéadfadh mionbholaithe adhmadacha a bheith orthu.

Blas

Fíonta dearga úra: cothrom, d'fhéadfadh aigéadacht ghéar agus/nó searbhas a bheith acu, nach bhfuil tanaí ná iomarcach, ar mheánfhad agus iarbhlas de dhea-bholaithe príomha.

Fíonta dearga 'Roble': glé, meánfhad, cothrom, d'fhéadfadh aigéadacht ghéar éadrom agus/nó géire a bheith acu. Dea-bholaithe san iarbhlas ag teacht leis na dea-bholaithe ar an tsrón.

Fíonta dearga a choiptear i mbairillí: tainneach agus cothrom, iarbhlas fada, a chuireann an bairille i gcuimhne.

Fíonta dearga a dhéantar trí mhaothú carbónach: déine mheasartha, iarbhlas cothrom, torthaíoch.

Fíonta dearga: glé, cothrom, d'fhéadfadh aigéadacht ghéar éadrom agus/nó géire a bheith acu. Iarbhlas meánach. Dea-bholaithe san iarbhlas ag teacht leis na dea-bholaithe atá ar an tsrón.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíon dearg: óg, coipthe i mbairillí, 'Roble' [darach], maothú carbónach agus fíon dearg. Leath-thirim, leathmhilis agus milis.

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta dearga úra: raon dathanna dearga ar a bhfuil imireacha corcairghorma, glé.

Fíonta dearga 'Roble': raon dathanna dearga gan scáthú go himireacha donna nó imireacha ócair ag an imeall, glé; D'fhéadfadh tartráití deasctha agus/nó ábhar dathúcháin a bheith le feiceáil.

Fíonta dearga a choiptear i mbairillí: dath caordhearg le himireacha ar dhath an ghairnéid, glé.

Fíonta dearga a dhéantar trí mhaothú carbónach: dath caordhearg le himireacha corcairghorma, glé.

Fíonta dearga: raon dathanna dearga gan scáthú go horáiste ag an imeall. Glé; d'fhéadfadh tartráití deasctha ar leibhéal íseal agus/nó ábhar dathúcháin a bheith le feiceáil.

Dea-bholadh

Fíonta dearga úra: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha, dea-bholaithe príomha.

Fíonta dearga 'Roble': dea-bholaithe glana, príomha agus/nó cothaitheacha, d'fhéadfadh dea-bholaithe suibhe/torthaí cócaráilte, mionbholaithe adhmadacha agus/nó dea-bholaithe ó choipeadh a bheith orthu.

Fíonta dearga a choiptear i mbairillí: dea-bholaithe glana, de dhéine mheasartha, torthaí dearga, dea-bholaithe bláthacha agus bairille.

Fíonta dearga a dhéantar trí mhaothú carbónach: dea-bholaithe glana, de dhéine mheánach/ard, torthaíoch.

Fíonta dearga: dea-bholaithe glana, príomha agus/nó cothaitheacha, d'fhéadfadh dea-bholaithe suibhe/torthaí cócaráilte a bheith orthu. D'fhéadfadh mionbholaithe adhmadacha a bheith orthu.

Blas

Cothrom i dtéarmaí neart alcóil, aigéadachta agus méid siúcra iarmharaigh.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	9
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	—
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta dearga 'Crianza', 'Reserva' agus 'Gran Reserva'

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta dearga 'Crianza': D'fhéadfadh raon d'imireacha dearga, donna éadroma nó ócair a bheith le feiceáil ag an imeall, glé; d'fhéadfadh tartráití deasctha ar leibhéal íseal agus/nó ábhar dathúcháin a bheith le feiceáil.

Fíonta dearga 'Reserva' agus 'Gran Reserva': D'fhéadfadh raon imireacha dearga, donna nó ócair a bheith le feiceáil ag an imeall, glé; d'fhéadfadh tartráití deasctha ar leibhéal íseal agus/nó ábhar dathúcháin a bheith le feiceáil.

Dea-bholadh

Fíonta dearga 'Crianza': dea-bholaithe glana, príomha agus treasacha, d'fhéadfadh dea-bholaithe suibhe/torthaí cócaráilte agus/nó dea-bholaithe tánaisteacha a bheith orthu.

Fíonta dearga 'Reserva' agus 'Gran Reserva': dea-bholaithe glana, príomha agus treasacha, d'fhéadfadh dea-bholaithe suibhe/torthaí cócaráilte a bheith orthu.

Blas

Fíonta dearga 'Crianza': glan, cothrom, meánfhad agus dea-bholaithe san iarbhlas ag teacht leis na dea-bholaithe ar an tsrón. Fada, comhchuí.

Fíonta dearga 'Reserva' agus 'Gran Reserva': glan, cothrom, meánfhad agus dea-bholaithe san iarbhlas ag teacht leis na dea-bholaithe ar an tsrón.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Dé-ocsaíd sulfair iomlán níos lú ná:

140 mg/l i bhfíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh níos lú ná 5 g/l arna shloinneadh mar ghlúcós.

160 mg/l i bhfíonta ina bhfuil méid siúcra iarmharaigh 5 g/l ar a laghad arna shloinneadh mar ghlúcós.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Fíonta súilíneacha geala agus fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Fíonta súilíneacha geala ar ardchaighdeán: glé, geal, raon dathanna buí gan scáthú go hór, le bolgáin bheaga agus leanúnacha.

Fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán: glé, geal, raon dathanna bándearga, le bolgáin bheaga agus leanúnacha.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe príomha agus/nó tánaisteacha. D'fhéadfadh an fíon tréimhsí a chaitheamh i mbairillí, a fhágann go mbíonn mionbholaithe áirithe le brath air.

Blas

Cothrom, d'fhéadfadh aigéadacht ghéar agus/nó searbhas a bheith acu, nach bhfuil tanaí ná iomarcach, ar mheánfhad agus iarbhlas dea-bholaithe príomha agus/nó tánaisteacha. D'fhéadfadh an fíon tréimhsí a chaitheamh i mbairillí, a fhágann go mbíonn mionbholaithe áirithe le brath air.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	10,5
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	11,66
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

—

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Fíonta geala: maothú fuar gairid agus moirtiú. Coipeadh ag teochtaí rialaithe, faoi bhun 18 C in umair nó i mbairillí darach, go hiomlán nó go páirteach (75 % ar a laghad).

Oráiste: maothú agus coipeadh an úrfhíona le teagmháil chraicinn chomh fada agus a mheastar is gá sula mbrúitear iad, a luaithe a chríochnófar an coipeadh.

Fíonta *rosé*: maothú ar feadh tréimhse idir 4 agus 12 uair an chloig ag teochtaí faoi bhun 24 °C. Moirtiú an úrfhíona agus coipeadh mall ar feadh 5 lá ar a laghad, ag teochtaí rialaithe faoi bhun 18 °C.

Fíonta dearga úra: maothú le teagmháil chraicinn ar feadh tréimhse 48 n-uair an chloig ar a laghad, ag teochtaí rialaithe faoi bhun 28 °C. An fíon a bhaint as na dabhcha agus brú, coipeadh leanúnach ag teochtaí faoi bhun 25 C.

Oighearfhíon: ní mór na fíonchaora a bhuain ar an bhfíniúin ag teochtaí faoi bhun lúide 5 °C nó cothrom leis, i.e. reoite. Brúitear iad agus iad reoite, gan díghasú roimh ré. Aosú i bairillí.

Fíonta geala aosaithe nó aibithe: maothú fuar gairid agus moirtiú. Coipeadh ag teocht rialaithe. Ina dhiaidh sin is féidir leo teacht in aibíocht in aon chineál soithigh. I gcás ina n-úsáidtear soithí adhmaid, 2 mhí a bheidh san íostréimhse chun go mbeifear in ann na téarmaí 'Roble' [darach] nó 'Envejecido en madera y/o barrica' [aosaithe in adhmad agus/nó sa bhairille] a úsáid.

Fíonta *rosé* aosaithe nó aibithe: Ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear a bheith ina gcineálacha dearga. Maothú ar feadh tréimhse idir 4 agus 12 uair an chloig. Moirtiú an úrfhíona agus coipeadh ag teocht rialaithe. Ina dhiaidh sin is féidir leo teacht in aibíocht in aon chineál soithigh. I gcás ina n-úsáidtear soithí adhmaid, 2 mhí a bheidh san íostréimhse chun go mbeifear in ann na téarmaí 'Roble' [darach] nó 'Envejecido en madera y/o barrica' [aosaithe in adhmad agus/nó sa bhairille] a úsáid.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíniúna gile, prúnáil chinn nó cuachphrúnáil

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	7 860
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíniúna gile, prúnáil chinn nó cuachphrúnáil

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	55
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíniúna deirge, prúnáil chinn nó cuachphrúnáil

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	6 430
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíniúna deirge, prúnáil chinn nó cuachphrúnáil

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	45
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíniúna gile, treilísithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	11 430
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíniúna gile, treilísithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	80
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíniúna deirge, treilísithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	10 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cineálacha fíniúna deirge, treilísithe

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	70
Aonad uastáirgeachta:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— ALBILLO DORADO

— ALBILLO REAL

— BOBAL

— CABERNET FRANC

— CABERNET SAUVIGNON

— CHARDONNAY

— GARNACHA BLANCA

— GARNACHA TINTA

— GARNACHA TINTORERA

— GRACIANO

— MACABEO - VIURA

— MALBEC

— MAZUELA

— MERLOT

— MONASTRELL

— MORAVIA AGRIA

— MORAVIA DULCE

— MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

— MOSCATEL DE GRANO MENUDO

— PARDILLO - MARISANCHO

— PETIT VERDOT

— PINOT NOIR

— PLANTA NOVA - TARDANA

— ROJAL TINTA

— SAUVIGNON BLANC

— SYRAH

— TEMPRANILLO - CENCIBEL

— TINTO VELASCO - FRASCO

— TOURIGA NACIONAL

— VERDEJO

— VIOGNIER

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Áirítear ann fíonghoirt atá suite sna bardais seo a leanas i gcúigí Albacete agus Cuenca:

— Albacete: Abengibre, Alatoz, Alborea, Alcalá de Júcar, Balsa de Ves, Carcelen, Casas Ibáñez, Casas de Juan Núñez, Casas de Ves, Cenizate, Fuentealbilla, Golosalvo, La Gineta, Jorquera, Madrigueras, Mahora, Motilleja, Navas de Jorquera, Pozo Lorente, La Recueja, Valdeganga, Villa de Ves, Villamalea, Villatoya agus Villaviente.

— Cuenca: Alarcón, Aliaguilla, Almodóvar del Pinar, Barchín del Hoyo, Buenache de Alarcón, Campillo de Altobuey, Cardenete, Casasimarro, Castillejo de Iniesta, Chumillas, Enguidanos, Gabaldón, Garaballa, Graja de Campalbo, Graja de Iniesta, El Herrumblar, Hontecillas, Iniesta, Landete, Ledaña, Minglanilla, Mira, Motilla del Palancar, Narboneta, Olmedilla de Alarcón, Paracuellos de la Vega, El Peral, La Pesquera, El Picazo, Piqueras del Castillo, Pozorrubielos, Puebla del Salvador, Quintanar del Rey, Solera de Gabaldón, Talayuelas, Tébar, Valhermoso de la Fuente, Valverdejo, Villagarcía del Llano, Villalpardo, Villanueva de la Jara, Villarta, Villora agus Yémeda.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Tá an limistéar táirgeachta suite idir dhá ghleann abhann. Saintréith dá chuid is ea ithreacha créúla a rinneadh as silleagain aolchloiche an dá abhainn. Bíonn na teochtaí ard, gan mórán báistí idir mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair, agus faigheann an limistéar roinnt mhaith uaireanta an chloig de sholas na gréine. Is iad na tosca sin uile is cúis leis an gcineáil áitiúil Bobal. Is é an toradh atá air sin go bhfaightear fíonta a bhfuil déine aramatach mhín agus shuntasach acu, lena mbaineann mionbholaithe torthaíocha agus bláthacha, aigéadacht den scoth agus déine mhór datha. Ní chailleann na fíonta a ndath dian, rud a fhágann gur féidir iad a aithint ó fhíonta eile mar gheall ar a n-ualach polaifeanólach flúirseach, a luachanna ísle pH agus a IPT ard [innéacs iomlán polaifeanóil] gan maothú fada.

Catagóir an táirge fíniúna

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Achoimre ar an nasc

Tá an limistéar táirgeachta suite idir dhá ghleann abhann. Saintréith dá chuid is ea ithreacha créúla a rinneadh as silleagain aolchloiche an dá abhainn. Bíonn na teochtaí ard, gan mórán báistí idir mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair, agus faigheann an limistéar roinnt mhaith uaireanta an chloig de sholas na gréine. Is iad na tosca sin uile is cúis leis an gcineáil áitiúil Bobal. Is é an toradh atá air sin go bhfaightear fíonta a bhfuil déine aramatach mhín agus shuntasach acu, lena mbaineann mionbholaithe torthaíocha agus bláthacha, aigéadacht den scoth agus déine mhór datha. Ní chailleann na fíonta a ndath dian, rud a fhágann gur féidir iad a aithint ó fhíonta eile mar gheall ar a n-ualach polaifeanólach flúirseach, a luachanna ísle pH agus a IPT ard [innéacs iomlán polaifeanóil] gan maothú fada.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Is féidir le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ATFC 'Manchuela' na téarmaí 'Premium' agus 'Reserva' a úsáid ar a lipéid.

Is féidir an téarma 'Vino de Hielo' [oighearfhíon] a úsáid san fhíon i gcás ina dtáirgtear é i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge. Is iad na paraiméadair anailíseacha le haghaidh an fhíona sin na paraiméadair a shonraítear le haghaidh na gcineálacha éagsúla fíona. Féadfaidh fíonta geala, fíonta *rosé* nó fíonta dearga, agus na stíleanna éagsúla a bhaineann leo, a bheith i gceist le hoighearfhíonta mar a leagtar síos chomh maith sa tsonraíocht táirge, amhail fíonta úra, fíonta 'Roble', fíonta 'Crianza' nó fíonta a choiptear i mbairillí.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://apliagri.castillalamancha.es/sites/default/files/2026-01/PC_Modificaci%C3%B3n_normal_Consolidado.pdf